An Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh

# DÉANTAR CLEACHTAIS TIONTÚCHÁIN A CHOSC SAN AONTAS EORPACH

**Mar cheann de phríomhionstraimí daonlathais rannpháirtíochta an Aontais Eorpaigh, cuireann an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh (TES) ar a gcumas do na saoránaigh a iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach bearta reachtacha a mholadh i réimsí a thagann faoi inniúlacht an Aontais. Ó tugadh TES isteach, neartaigh sé rannpháirtíocht dhíreach na saoránach i múnlú bheartais an Aontais, cuir i gcás i réimsí amhail cearta bunúsacha, comhionannas agus sláinte phoiblí.**

**Tá an tionscnamh 'Déantar cleachtais tiontúcháin a chosc san Aontas Eorpach' ina chuid den phróiseas daonlathach sin, rud a léiríonn éileamh na saoránach ar ghníomhaíocht níos láidre ón Aontas chun daoine LGBTIQ+ a chosaint ar chleachtais den sórt sin.**

## SPRIOCANNA AN TIONSCNAIMH

Sainíonn eagraithe an tionscnaimh gurb éard atá sna **cleachtais tiontúcháin** idirghabhálacha atá dírithe ar ghnéaschlaonadh, féiniúlacht inscne nó léiriú inscne duine a athrú, a bhrú faoi chois nó a chosc. Go deimhin, níl aon tairbhe theiripeach ag baint leis na cleachtais sin, ar féidir drochíde ó bhéal, comhéigean, leithlisiú, cógas éigeantach, turraingí leictreacha, mí-úsáid fhisiciúil agus ghnéasach a áireamh leo, ós rud é nach bhfuil aon rud le 'leigheas' ná le 'brú faoi chois'.

Leis an tionscnamh seo, iarrtar ar an gCoimisiún Eorpach an méid seo a leanas a dhéanamh:

- **Treoir a mholadh lena gcuirfear cleachtais tiontúcháin le liosta na gcoireanna Eorpacha** agus/nó leasú a dhéanamh ar an treoir atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le comhionannas chun cosc ar na cleachtais sin a chur san áireamh;
- An **Treoir maidir le Cearta Íospartach** a leasú chun íoschaighdeáin a bhunú i ndáil le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na gcleachtas tiontúcháin;
- **Rún neamhcheangailteach a fhorfheidhmiú lena n-iarrtar cosc forleathan ar chleachtais tiontúcháin** san Aontas.

I ndeireadh na dála, cuireann an TES in iúl go soiléir 'gur cheart do gach Ballstáit toirmeasc a thabhairt isteach ar chleachtais tiontúcháin'.

## RANNPHÁIRTEACHAS

Bhailigh an tionscnamh **1,128,063 ráiteas tacaíochta fhíoraithe,** rud a sháraigh an tairseach ba ghá, is é sin aon mhilliún síniú.

Bailíodh sínithe ar fud an Aontais agus baineadh na tairseacha náisiúnta amach i 11 Bhallstát, rud a léiríonn tacaíocht leathan ón bpobal do ghníomhaíocht ar leibhéal an Aontais.



#EUTakeTheInitiative
citizens-initiative.europa.eu

## FREAGRA AN CHOIMISIÚIN AGUS NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Sa fhreagra ón gCoimisiún, d'fhógair sé go bhfuil sé beartaithe aige Moladh ón gCoimisiún a ghlacadh, lena n-iarrtar ar Bhallstáit an Aontais cleachtais tiontúcháin a chosc.

Glacfaidh an Coimisiún **a Mholadh in 2027.** Geallfaidh sé go dtacóidh sé leis na tíortha agus iad ag iarraidh na cleachtais dhíobhálacha sin a chosc.

Molfaidh an Coimisiún bearta comhlántacha freisin

Beidh an Moladh bunaithe ar an méid seo a leanas:

- **idirphlé struchtúrtha leis na Ballstáit** tríd an nGrúpa Saineolaithe um chomhionannas LGBTIQ+ agus dea-chleachtais ó na Ballstáit sin a bhfuil coisc i bhfeidhm acu cheana féin;
- **Fóram Beartais LGBTIQ+** nua agus rannpháirteachas leis an **tsochaí shibhialta;**
- an **grinnstaidéar** leanúnach ar chleachtais tiontúcháin

## DÁTAÍ TÁBHACHTACHA

**27 Samhain 2023** Cuireadh isteach iarraidh ar chlárú

**24 Eanáir 2024** Chláraigh an Coimisiún Eorpach an tionscnamh

**17 Bealtaine 2024 – 17 Bealtaine 2025** Bailíodh na sínithe

**17 Samhain 2025** Tionscnamh tíolactha don Choimisiún

**12 Nollaig 2025** Bhuail eagraithe an tionscnaimh leis an gCoimisinéir Hadja Lahbib agus le hoifigigh ón gCoimisiún

**2 Márta 2026** Reáchtáladh éisteacht phoiblí i bParlaimint na hEorpa

**25 Márta 2026** Díospóireacht iomlánach i bParlaimint na hEorpa

**13 Bealtaine 2026** Thug an Coimisiún a fhreagra

Obair leantach ar fhreagra an Choimisiúin

**Tá an t-eolas is déanaí ón Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh le fáil anseo**

**Féach leat scéalta ratha eile i bhFóram an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh anseo**

© an tAontas Eorpach, 2026.

PDF ISBN 978-92-68-39754-1 doi:10.2792/4568585 KA-01-26-011-GA-N
Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2026